**Próifíl Róil do Phost an Phríomhoide,**

**Colaiste Chroí Mhuire, An Spidéal.**

**Tá na ceanglais reachtúla, oibleagáidí conartha agus croí-inniúlachtaí mar chuid den phróifíl róil shamplach seo. Féadfar na croí-inniúlachtaí samplacha a leasú chun freastal ar na riachtanais a bheidh ag gach scoil ar leith.**

**Ceanglais Reachtúla**

Tá feidhmeanna an Phríomhoide leagtha amach in Alt 22 den Acht Oideachais, 1998. Sna feidhmeanna sin, sonraítear go ndéanfaidh an Príomhoide na nithe seo a leanas:

(a) an fhoghlaim a spreagadh agus a chothú i mic léinn

(b) meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí

(c) i dteannta a chéile, comhoibriú idir an scoil agus an pobal dá bhfónann sí a chur chun cinn, agus

(d) faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme agus faoi réir a gconartha fostaíochta, na dualgais sin a chomhlíonadh a shannfaidh an bord dó nó di.

I dteannta na bhfeidhmeanna thuas, déanfaidh an Príomhoide na nithe seo a leanas mar a shonraítear in Alt 23 den Acht:

(a) beidh sé nó sí freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear múinteoirí agus foireann eile na scoile a threorú agus a stiúradh, agus beidh sé nó sí cuntasach don bhord as an mbainistíocht sin,

(b) tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile agus do mhic léinn na scoile,

(c) beidh sé nó sí freagrach, mar aon leis an mBord, le tuismitheoirí mac léinn agus leis na múinteoirí, as timpeallacht scoile a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn,

(d) faoi stiúradh an bhoird agus i gcomhairle leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus, a mhéid is cuí dá n-aois agus dá dtaithí, leis na mic léinn, cuspóirí a leagan amach don scoil agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin, agus,

(e) tuismitheoirí mac léinn sa scoil a spreagadh le páirt a ghlacadh in oideachas na mac léinn sin agus i ngnóthú chuspóirí na scoile.

**Airteagail Bhainistíochta**

Is ag an bPríomhoide atá an t-údarás foriomlán, faoi údarás an Bhoird Bainistíochta/an Bhainisteora, ar bhainistíocht na scoile ó lá go lá amhail dá bhforáiltear faoi Airteagal 22 sna Airteagail Bhainistíochta, ina luaitear:

> *Faoi réir cibé ordú a thabharfaidh an Bord ó am go chéile, déanfaidh an Príomhoide eagrúchán, bainistíocht agus araíonacht inmheánach na Scoile a rialú, lena n-áirítear dualgais a shannadh do bhaill den fhoireann teagaisc agus neamh-theagaisc. Cuirfidh an Príomhoide gach ráiteas agus tuairisc den chineál sin a mbíonn tionchar acu ar iompar na Scoile faoi bhráid an Bhoird, i scríbhinn, de réir mar a cheanglóidh an Bord.*

**Freastal an Phríomhoide**

1. Ceanglófar ar an bPríomhoide a bheith i láthair ar laethanta le linn na scoilbhliana a chinnfidh Bord Bainistíochta/Bainisteoir na scoile gur chóir don scoil a bheith ar oscailt le haghaidh mac léinn agus i gcomhréir le rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

2. Ceanglóidh an Bord Bainistíochta/Bainisteoir ar an bPríomhoide a bheith i láthair sa scoil le haghaidh tréimhsí le linn na Scrúduithe Stáit agus le haghaidh tréimhsí réasúnta eile diomaite de ghnáthuaireanta agus laethanta oscailte na scoile de réir mar a bheidh gá lena leithéid ó am go chéile. Beidh comhaontú idir an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta i dtaobh socruithe i leith freastal den sórt sin.

3. Roimh thús na scoilbhliana, beidh an Príomhoide ar fáil de réir mar a theastóidh le réasún, lena chinntiú go ndéanfar na hullmhúcháin riachtanacha ar fad le haghaidh athoscailt na scoile. Cuirfidh an Príomhoide Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas maidir leis na hullmhúcháin sin.

4. Déanfaidh an Príomhoide a chinntiú go mbeidh na socruithe cuí i bhfeidhm chun torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta a fháil agus a thabhairt amach agus chun comhairliúchán a chur ar fáil do mhic léinn agus do thuismitheoirí.

**Dualgais ó lá go lá**

Anuas ar an méid atá thuas, is mar seo a leanas atá oibleagáidí an Phríomhoide i dtéarmaí ginearálta:

1. Déanann an Príomhoide eagrúchán, bainistíocht agus araíonacht inmheánach na Scoile a rialú, lena n-áirítear dualgais a shannadh do bhaill den fhoireann teagaisc agus neamh-theagaisc.

2. Déanann an Príomhoide deimhin de go gcloítear le polasaithe, nósanna imeachta, treoirlínte agus ceanglais an Bhoird Bainistíochta.

3. Cuireann an Príomhoide gach ráiteas agus tuairisc den chineál sin a mbíonn tionchar acu ar iompar na Scoile faoi bhráid an Bhoird de réir mar a cheanglaíonn an Bord.

4. Tá an Príomhoide freagrach as riarachán agus tuairisciú airgeadais ó lá go lá mar a fhoráiltear sna Treoirlínte ón Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais.

5. Ceanglaítear ar an bPríomhoide cur amach iomlán a bheith aige/aici ar na Treoirlínte maidir le Cosaint Leanaí agus is gnách don Phríomhoide ról an Teagmhálaí Ainmnithe a dhéanamh. Déanfaidh an Príomhoide spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir Phátrún/Iontaobhaithe na scoile, a chosaint agus beidh sé cuntasach as iad a chosaint amhlaidh.

6. Beidh freagracht ar Phríomhoide scoile aitheanta agus ar na múinteoirí i scoil aitheanta, faoi stiúradh an Phríomhoide, as an teagasc a chuirfear ar fáil do mhic léinn sa scoil agus cuideoidh siad, i gcoitinne, le hoideachas agus forbairt phearsanta na mac léinn sa scoil sin.

**Níl an liosta dualgas seo ceaptha a bheith ina liosta uileghabhálach agus d'fhéadfadh athrú teacht air.**

## Achoimre ar Inniúlachtaí

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chreat inniúlachtaí Chomhchoiste na mBainisteoirí le haghaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i mí na Samhna 2018 i bhfianaise aiseolas a fuarthas ó chomhaltaí coistí roghnúcháin, Príomhoidí, Cathaoirligh ar Bhoird Bhainistíochta, ionadaithe Iontaobhaithe agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Le linn an athbhreithnithe sin, rinneadh cinneadh sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar cheithre cinn de na sé inniúlacht ionas go gcuirfí san áireamh ar bhealach ní ba shoiléire na ceithre réimse a aithníodh sa doiciméad atá foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, is é sin *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna.* Sa doiciméad sin, aithníodh dhá phríomhréimse nó dhá dhiminsean d'obair scoile, is iad sin Teagasc agus Foghlaim, agus Ceannaireacht agus Bainistíocht. Sa diminsean Ceannaireacht agus Bainistíocht, arb é an diminsean is ábhartha é ó thaobh earcaíocht Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí de, aithnítear ceithre réimse:

Réimse 1: Ceannaireacht ar Fhoghlaim agus ar Theagasc
Réimse 2: An Eagraíocht a Bhainistiú
Réimse 3: Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile
Réimse 4: Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt

Níos faide anonn sa doiciméad aithnítear *caighdeáin* faoi gach réimse, agus tugtar *ráitis ar chleachtas éifeachtach* agus *ráitis ar chleachtas fíoréifeachtach i gcás gach réimse.*

Bhain grúpa athbhreithnithe Chomhchoiste na mBainisteoirí leas as trí shnáithe: an obair a rinneadh roimhe seo i gcomhar le Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Cathaoirligh ar Bhoird Bhainistíochta agus ionadaithe Iontaobhaithe a shainaithin an chéad chreat; an t-aiseolas a luadh cheana ó choistí roghnúcháin; agus an foilseachán ón Roinn Oideachais agus Scoileanna, is é sin *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna.*

Shainaithin an grúpa athbhreithnithe na príomhinniúlachtaí seo a leanas, lena n-áirítear na réimsí ón gCreat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna, a bheith riachtanach chun ról agus feidhm an Phríomhoide a chomhlíonadh go héifeachtach i scoil chreidimh:

A. **Ceannaireacht i Scoil Chreidimh**
B. **Cultúr Iomlánaíoch Forbartha a chur chun cinn, Ceannaireacht, Foghlaim agus Teagasc san áireamh**
C. **Caidreamh Idirphearsanta, Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt san áireamh**
D. **Bainistíocht agus Riarachán, an Eagraíocht a Bhainistiú san áireamh**
E. **Bainistíocht Straitéiseach, Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile san áireamh**
F. **Scileanna Féinfheasachta agus Féinbhainistíochta**

Cé nach bhfuil congruacht ann idir na sé réimse inniúlachta agus na ceithre réimse atá sainaitheanta ag an Roinn, tá gach ceann de na réimsí agus de na caighdeáin a ghabhann leo á gcur san áireamh sa chreat inniúlachtaí athbhreithnithe.

Déantar sainmhíniú ar gach ceann de na hinniúlachtaí sin i gcomhthéacs na scoile thíos agus tugtar táscairí samplacha iompraíochta.

**Ceannaireacht i Scoil Chreidimh:** Cothaíonn an Príomhoide an cleachtas pobal scoile a thógáil de réir thraidisiún reiligiúnach na scoile agus i gcomhréir leis na luachanna i ráiteas misin agus i bhfealsúnacht shainráite na scoile. Riachtanas gairme a bheidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi mar Phríomhoide ná spiorad sainiúil sonraithe na scoile a thuiscint, a chosaint agus a chur chun cinn. Beidh an Príomhoide tiomanta i dtaobh na n-éileamh a bhainfeadh le cosaint agus le cur chun cinn den sórt sin. Beidh sé/sí ag feidhmiú i gcomhréir leis an gcáilíocht i dtaca le gníomhaíocht, feidhm agus láithreacht atá leagtha síos ag an mBord Bainistíochta thar ceann na nIontaobhaithe, de réir mar is gá chun an ról seo a chomhlíonadh.

Mar chuid den inniúlacht seo, beifear ábalta cuspóirí soiléire a chur in iúl maidir leis an gcreideamh a fhorbairt sa scoil. Tabharfar áit chuí don fhorbairt creidimh mar chuid den phróiseas pleanála agus athbhreithnithe scoile uile.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Cleachtóir athmhachnamhach a bheidh sa duine ó thaobh na forbartha creidimh de a léireoidh tiomantas i leith luachanna an tSoiscéil a chomhtháthú agus a chur ar aghaidh tríd an gcuraclam;
- Cumas a léiriú go bhféadfadh sé nó sí a bheith mar cheannaire spreagthach foirne i dtaca leis an spiorad sainiúil, duine a bheidh tiomanta don chleachtas athmhachnamhach, d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne agus do ról ceannaireachta daoine eile ina leith sin.
- Tiomantas a léiriú i leith cuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach scoláire. (Réimse 1)
- Páirt a ghlacadh chun fís a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar ionchais arda ar mhaithe le forbairt iomlánaíoch gach scoláire, lena nglactar mar leanbh ar leith de chuid leanaí Dé, rath acadúil cuí san áireamh.
- Cumas a léiriú chun an fhís atá mar threoir ag an scoil a chur in iúl do na príomhpháirtithe agus a bheith i gceannas ar ghnóthú na físe sin. (Réimse 3)

- Rúndaingne a léiriú mar aon le measarthacht, solúbthacht agus comhbhá i dtaobh na gceisteanna agus na gcoimhlintí a bhíonn ann mar gheall ar chúrsaí creidimh i sochaí atá ag éirí níos éagsúla agus níos saolta i rith an ama.

**Cultúr Iomlánaíoch Forbartha a chur chun cinn, Ceannaireacht, Foghlaim agus Teagasc san áireamh:** Cruthaíonn an Príomhoide cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú agus i mbainistiú phleanáil agus fheidhmiú churaclam na scoile, chomh maith leis an gcultúr sin a chur chun cinn. Cothaíonn sé/sí tiomantas do chuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach scoláire sa Churaclam foirmiúil in éineacht le hábhair agus gníomhaíochtaí Comhchuraclaim agus Seachchuraclaim, ina gcuirfear spiorad sainiúil na scoile san áireamh mar aon le cur leis an spiorad sin. Cothaíonn sé/sí forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na scoláirí agus lena mbaintear amach torthaí arda oideachais.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Cultúr na forbartha gairmiúla leanúnaí a chur chun cinn agus tacú leis an gcultúr sin le haghaidh baill foirne i réimsí éagsúla chun tacú le teagasc ardchaighdeáin agus/nó chun dul i ngleic le riachtanais shainaitheanta na scoile (Réimse 1)
- Cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú (Réimse 1)
- Tiomantas a léiriú d'fhéinmheastóireacht leanúnach na scoile, bunaithe ar fhianaise, chun ardchaighdeáin oideachais a bhaint amach. Cumas a léiriú i dtaca le pleanáil don fheabhsúchán straitéiseach i gcúrsaí teagaisc agus foghlama
- 'Foirne de na baill foirne' a bhunú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i ngach réimse de shaol na scoile chun aidhmeanna agus cuspóirí na scoile a bhaint amach, lena gcuirtear ar chumas na foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm (Réimse 4)
- Duine atá ar an eolas go pearsanta ar a dteastaíonn chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a fheabhsú.
- Forbairt ar ghuth na scoláirí, rannpháirtíocht na scoláirí agus ceannaireacht na scoláirí a chothú agus a éascú (Réimse 4)

**Caidreamh Idirphearsanta, Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt san áireamh:** Déanann an Príomhoide measúnú ar a chleachtas/a cleachtas mar cheannaire agus forbraíonn sé/sí an tuiscint atá aige/aici ar cheannaireacht inbhuanaithe éifeachtach. Déanann sé/sí caidreamh gairmiúil ina léirítear meas a thógáil agus a chothú le baill foirne, scoláirí, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí tacaíochta, líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile san áireamh. Déanann an Príomhoide foirne a bhunú agus a fhorbairt i ngach réimse de shaol na scoile, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt orthu. Déanann sé/sí forbairt ar ghuth na scoláirí, rannpháirtíocht na scoláirí agus ceannaireacht na scoláirí a chothú agus a éascú. Baineann an Príomhoide feidhm as scileanna cumarsáide cuí le cur ar a gcumas do bhaill foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chomhlíonadh. Bíonn sé/sí ag súil leis na dúshláin choimhlinte a bhíonn mar chuid den ról seo, chomh maith le dul i ngleic leo agus iad a bhainistiú. Déanann an Príomhoide forbairt na hacmhainne ceannaireachta a spreagadh agus a chothú i measc baill foirne i ngach réimse de shaol na scoile lena dtacaítear le misean agus fís na scoile a bhaint amach de réir mar a chuireann an Bord Bainistíochta an misean agus an fhís sin in iúl.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Rannpháirtíocht ghníomhach a léiriú i líonraí gairmiúla in éineacht le ceannairí scoile eile chomh maith lena léiriú go bhfuil sé nó sí toilteanach cur leis na líonraí sin agus a bheith ag foghlaim uathu. (Réimse 4)
- Caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal i gcoitinne (Réimse 3)
- Foirne a bhunú agus cumhacht a thabhairt do bhaill foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Ar an dóigh sin, tógtar ar acmhainn na ceannaireachta sa scoil
- Córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn (Réimse 2)
- An cumas chun staideanna dúshlánacha casta a bhainistiú ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir (Réimse 2)
- Tuiscint shoiléir ar phróisis athraithe a chur chun cinn agus gabhann sé/sí do bhainistíocht athraithe ar bhealach atá comhoibríoch, solúbtha agus tuisceanach.

**Bainistíocht agus Riarachán, an Eagraíocht a Bhainistiú san áireamh:** Déanann an Príomhoide acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú le heagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú, agus chun dul i ngleic le cásanna casta dúshlánacha ar bhealach ina léirítear comhionannas, cothroime agus cóir. Tugann an Príomhoide ceannaireacht do phobal na scoile agus meastóireacht á déanamh i rith an ama ar ghníomhaíochtaí agus ar chaidrimh na scoile i bhfianaise a spriocanna mar atá siad sin leagtha amach ag an mBord Bainistíochta agus mar a shainaithnítear mar chuid den Fhéinmheastóireacht Scoile. Baineann sé/sí leas as raon de mhodhanna agus de chórais phleanála agus eagrúcháin chun tosaíochtaí, spriocanna agus tráthchláir a shocrú lena gcinntítear go n-úsáidtear am agus acmhainní go héifeachtach. Bunaíonn sé/sí timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn sé/sí í trí chumarsáid éifeachtach. Forbraíonn sé/sí agus cuireann sé/sí i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- An cumas agus/nó an taithí a léiriú chun curaclam na scoile (cláir, ábhair agus gníomhaíochtaí) a dhearadh, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm mar chuid de spriocanna agus cuspóirí na scoile a bhaint amach, i gcomhréir le riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ag éirí as Féinmheastóireacht na Scoile (Réimse 1)
- Tuiscint a léiriú ar na córais agus polasaithe ábhartha chun áit shábháilte foghlama agus teagaisc a chothú do phobal iomlán na scoile, mar shampla, Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí, Tréadchúram, Cód Iompair etc. Beidh na córais agus na polasaithe sin ag teacht le Spiorad Sainiúil na scoile agus ag teacht leis an reachtaíocht (féach Réimse 2)
- Fianaise a léiriú ar rannpháirtíocht le pobal uile na scoile le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe na scoile de mar is cuí
- Fianaise a thabhairt ar acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil le timpeallacht foghlama a chruthú agus a chaomhnú. (Réimse 2)

**Bainistíocht Straitéiseach, Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile san áireamh:** Léiríonn an Príomhoide an cumas bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil a dhéanamh ar an athrú d'fhonn freagairt ar

riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas lena n-áirítear an creat reachtach ina mbíonn scoileanna ag feidhmiú. Leis an méid sin a dhéanamh, is gá a bheith ag obair i gcomhar le gach páirtí leasmhar chun an spiorad sainiúil agus an fhís atá mar threoir ag an scoil a chur in iúl agus chun bheith i gceannas ar bhaint amach an spioraid agus na físe sin. Tá an Príomhoide i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta agus na pleanála straitéisí. Déanann sé/sí caidrimh a thógáil agus a choinneáil laistigh den scoil, le scoileanna eile agus leis an bpobal níos leithne.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Duine a bheadh i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta (Réimse 3)
- Tuiscint ar mhionsonraí na reachtaíochta ábhartha
- Bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d'fhonn freagairt ar riachtanais scoile a bhíonn ag athrú agus ar athruithe san oideachas (Réimse 3)
- Tuiscint ar riachtanais fadtéarma na scoile agus fís a léiriú chun bheith ag obair i dtreo na riachtanais sin a shásamh.
- Toilteanas agus cumas a léiriú chun straitéisí a fhorbairt don am atá le teacht agus chun iarmhairtí ó ghníomhartha a ghlactar a mheas.
- Duine a bheadh ábalta machnamh agus anailís a dhéanamh ar na bealaí is fearr a mbeadh an scoil in ann freastal ar riachtanais oideachais an phobail áitiúil.

**Scileanna Féinfheasachta agus Féinbhainistíochta:** Léiríonn an Príomhoide feasacht ar a scileanna féin agus ar réimsí feabhsúcháin agus tá an acmhainn ann/inti iad a bhainistiú mar is cuí. Tugann an Príomhoide aiseolas chomh maith le haiseolas a fháil. Léiríonn sé nó sí féin cultúr féinmhachnaimh chomh maith leis an gcultúr sin a chur chun cinn. Tugann sé/sí aire dá fholláine/folláine féin mar aon le cuidiú a thabhairt do dhaoine eile aire a thabhairt dá bhfolláine féin. Léiríonn an Príomhoide an cumas na mothúcháin dheacra a bhíonn aige/aici féin a bhainistiú agus tá go leor féinfheasachta aige/aici tacaíocht a lorg nuair a bhíonn gá lena leithéid, go háirithe nuair a bhíonn cásanna dúshlánacha ann. Tá sé/sí ábalta é/í féin a spreagadh agus tabhairt faoina scileanna féinfheasachta agus féinbhainistíochta a fhorbairt.

Mar chuid den inniúlacht seo, táthar ag súil leis na nithe seo a leanas ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Eolas soiléir a bheith aige nó aici ar a láidreachtaí agus dúshláin phearsanta agus tuiscint ar thionchar na ngnéithe sin ar dhaoine eile
- Aithníonn sé/sí chomh tábhachtach agus atá sé measúnú a dhéanamh ar a chleachtas/cleachtas gairmiúil agus forbraíonn sé/sí an tuiscint atá aige/aici ar cheannaireacht éifeachtach inbhuanaithe; léiríonn sé/sí chomh maith go bhfuil sé/sí toilteanach a leithéid a dhéanamh (Réimse 4)
- Aithníonn sé/sí ról na mothúchán sa smaointeoireacht agus sa ghníomhaíocht chognaíoch
- Duine a léiríonn dearcadh comhbhách agus a chuireann cineáltas in iúl ar bhealach dearfach folláin.
- Duine a thugann aire dá fholláine/folláine féin

**Comhthéacs Sonrach Mheánscoil Eiméid**

Táthar ag súil go dtacóidh an duine a cheapfar sa phost go gníomhach le héiteas agus fís oideachais Cholaiste Chroí Mhuire agus go leanfaidh sé/sí le hobair an Bhoird Bainistíochta agus na foirne chun díriú ar … (foghlaim agus teagasc, ionchais a ardú agus rollú sa scoil a chur chun cinn, mar shampla.)